22

[Seán Ó Braonáin cct] chuim Tomáis Uí Dhúnlaing
[Fonn: Máirseáil U'i Shúilleabháin (Páinseach na nUbh]

A dhuine gan chéill do mhaisligh an chléir
is tharcaisnigh naomhscruipt na bhfáige,
na haitheanta réab 's an t-aifreann thréig
re taithneamh do chlaonchreideamh Mhártain,
cá rachair 'od dhíon ar Íosa Nasardha
nuair chaithfimid cruinn bheith ar mhaoileann Josepha?
Ní caraid Mac Crae chuim t'anama ' phlé
ná Calvin bhiais taobh ris an lá sin.

Nách damanta an scéal don chreachaire chlaon
ghlac baiste na cléire 'na pháiste
's do glanadh mar ghréin ón bpeaca ró-dhaor
trí ainibhfios Éva rinn Ádam,
tuitim arís fé chuing na haicme sin
tug atharrach brí don scríbhinn bheannaithe,
d'aistrigh béasa agus reachta na cléire
's nách tugann aon ghéilleadh don Phápa?

Gach scolaire baoth, ní mholaim a cheird
'tá ag obair le géilleadh dá tháille
don doirbhchoin chlaon dá ngorthar Mac Crae,
deisceabal straeigh as an gcolláiste.
Tá adaithe thíos in íochtar ifrinn,
gan solas gan soilse i dtíorthaibh dorcha,
tuigsint an léinn, gach cuirpeacht déin
is Lucifer aosta 'na mháistir.

'S é Lucifer féin go follas don tsaol
ar aingealaibh Dé do thug árghoin

2 **22** *Teideal*: Dhuinnluinng T, Seághan Mac Domhnaill cct B
1 dhuinne T 1 mhaslaidh T, mhaslaig B 3 raob T 4 le B 5 dod B 6 chaithfamíd T 6 maoilinn B 7 phleidh T 8 bhíos B 8 leis B 9 claon B 11 glannuig T 12 ainnibhfios T, ainnbhfios B 12 Éabha B 15 is B 16 tuigionn T 17 sgollaire T 17 mholluim T 18 'tág ccobar T 18 re B 19 dorbhchon daor B 20 straodhaig T 21 fhadoghthe tsíos T 21 fadaighthe B 22 sollus T 23 cuirripeacht T 24 Luicifer T, Lúcifer B 24 mhaighistir T 25 Luicifir T 25 tsáoghuill T 26 aingeallaibh T

is Júdas 'na dhéidh do reic go soiléir
Leanbh ró-naomhtha na Páise;
Lúitir arís an trímhadh pearsa aco
fuair eochair na ríochta bhí líonta d'ainibhfios;
a ndeisceabal Crae is gach nduine dá chléir
ar an obair go léir do chuir plána.

Mo theagasc don té 'tá ag imtheacht ar strae
a' taisteal an tsaoghail re dásacht,
a' dalladh gach n-aon re dlithe Mhic Crae
agus Bíoblaí bréige 'na mhála.
Fógair don diabhal a gcliar 's a gcaradas
is fóirfidh ort Dia 'tá dian a' tathaint ort;
maithfidh Mac Dé dhuit ar impí na cléire
agus ciontaigh tu féinig 'na láthair.

27 dhéig T 29 Lúter B 30 na . . . d'ainibhfios] an . . . líonta mhallaightheacht B 31 nduinne T 31 dhá cheird B 33 straodh T 34 le B 35 Craodh T 36 bíoblaimhe T 36 iona B 36 mháladh T 37 diabhuil T 38 atá dian atathant B 40 umhlaig tu fein iona láthair B 40 feinaidh T